

Tuairisc ar an gCeardlann: Teagasc trí mheán na Gaeilge ag an tríú leibhéal

Fintan Hegarty agus Cathal Seoighe

Seo tuairisc ar cheardlann a reáchtáladh in Ollscoil na Gaillimhe i mí an Mheithimh, 2024. Ba é cuspóir na ceardlainne páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu nó a bhfuil suim acu san ardoideachas agus oiliúint in Éirinn a thabhairt le chéile chun plé a dhéanamh ar an gcaoi le cur leis an bhfáil ar ardoideachas i nGaeilge. Eagraíodh an cheardlann mar chuid de thionscadal píolótach dhá bhliain, maoinithe trí chiste straitéiseach Ollscoil na Gaillimhe chun láithreach na Gaeilge in ábhair ETIM a chur chun cinn. Cé go raibh béim, mar sin, ar ETIM, rinneadh breithniú sa cheardlann ar shaincheisteanna a bhaineann leis an ardoideachas i nGaeilge thar raon leathan ábhar acadúil. Chuir príomhchainteoirí ó Coleg Cymraeg Cenedlaethol, eagraíocht a bunaíodh chun ardoideachas trí Bhreatnais a chomhordú agus a mhaoiniú, a léargas i láthair maidir le cruthú meicníochtaí chun soláthar ardoideachais i mionteanga a spreagadh agus rinne cur síos ar mhúnla cónastha na hollscolaíochta Breatnaise atá bunaithe acu le timpeall 15 bliana anuas.

Is éard a bhí i seisiún na maidine na ceardlainne ná cur i láthair ó rannpháirtithe ó Coleg Cymraeg. Ina dhiaidh sin bhí cur i láthair ó ionadaithe ó institiúidí ardoideachais ar fud na hÉireann chomh maith le gníomhaireachtaí Stáit. Tá léargas ginearálta ar na cur i láthair seo ar fáil san Aguisín. Bhí dhá sheisiún díospóireachta ann san iarnóin. Ba é an cuspóir a bhí leis an gcéad cheann ná sainiú a dhéanamh ar an spás agus ról na mionteangacha san ardoideachas, thar staidéar a dhéanamh ar na teangacha féin. Ag leanúint ar aghaidh uaidh seo, rinne an dara seisiún breithniú ar an gcaoi lenar féidir na cuspóirí a sainíodh sa chéad seisiún a bhaint amach agus an chaoi ar chuir roinnt de na tionscnaimh a rinne Coleg Cymraeg leis na spriocanna seo a bhaint amach sa Bhreatain Bheag. Tá an tuarascáil seo, agus na moltaí atá inti, bunaithe ar an bplé oscailte a bhí ann idir an lucht freastail agus ar mhalartú smaointe agus taithí le hionadaithe Coleg Cymraeg; is léiriú é, áfach, ar thuiscint údair na tuairisce, seachas achoimre chomhaontaithe ar thuairimí gach duine a d'fhreastail ar an gceardlann.

An spás do mhionteangacha san ardoideachas

Múnlaí aonteangacha agus hibrideacha ardoideachais i mionteangacha

Admhaíodh sa cheardlann go bhfuil an Béarla ag éirí níos ceannasaí mar theanga an ardoideachais, go háirithe in ábhair eolaíochta agus theicniúla. Is léiriú é seo ar an gcaoi a bhfuil foirne taighde agus foirne ollscoile ag éirí níos idirnáisiúnta, sa chaoi is go bhfuil an Béarla ag teacht in áit na mórtheangacha idirnáisiúnta fiú, go háirithe sa teagasc fochéime, agus níos mó fós ag an leibhéal iarchéime. Ní chiallaíonn an t-aistriú seo i dtreo *lingua franca* idirnáisiúnta, atá níos suntasaí in ETIM, nár cheart spás a bheith ann do theangacha eile. Chualathas sa cheardlann go bhfuil treisiú déanta ar thionchar na heolaíochta agus na teicneolaíochta ar an ngnáthshaol laethúil mar gheall ar imeachtaí le déanaí, paidéim COVID-19 agus forbairtí sciobtha san Intleacht Shaorga san áireamh, agus go n-éilíonn sé seo cuimsiú mionteangacha san oideachas ETIM. Dá uireasa seo, tá srian ar chainteoirí na mionteanga ó dhul i ngleic go hiomlán le forbairtí a théann i bhfeidhm orthu agus is ar an ngannchuid a bhíonn saol intleachtúil na teanga féin. Admhaíodh sa cheardlann, sa chomhthéacs seo, go bhfuil an dátheangachas ina shaintréith riachtanach den ardoideachas i réimsí thar an teanga féin mar ábhar staidéir. Nuair a bhainfidh siad céim amach, caithfidh cainteoirí na mionteanga a bheith in ann feidhmiú go compordach i dtimpeallacht Bhéarla. Ag an am céanna, i bhfianaise na ndeiseanna fostaíochta atá cruthaithe ag an straitéis náisiúnta don Ghaeilge agus infheistíochtaí Údarás na Gaeltachta, d'fhéadfadh buntáiste suntasach a bheith ag céimithe dátheangacha in ábhair theicniúla agus eolaíochta ó thaobh na hinfhostaitheachta de. Dúradh go bhfuil na céimithe seo riachtanach lena chinntiú go bhfuil fáil ar lucht saothair atá in ann feidhmiú trí Ghaeilge chun deiseanna a thapú a chruthaíonn infheistíochtaí den sórt sin, ag cinntiú go mbeidh pobail Ghaeilge inbhuanaithe mar thoradh orthu.

Ó thaobh na Breatnaise de, agus breithniú á dhéanamh ar mhéad agus ar chomhpháirteanna cúrsa dátheangaigh ba chóir a bheith ar fáil i mBreatnais, ba é an tuairim ghinearálta ná dá mbeadh acmhainní gan teorainn, go mbeadh gach rud ar fáil sa dá theanga. I gcás ábhair nach bhfuil sé seo indéanta, is é an rogha is fearr na comhpháirteanna níos ‘idirghníomhaí’ – amhail ranganna teagaisc nó measúnaithe – a sholáthar trí Bhreatnais, fad is a chuirtear léachtaí ar fáil trí Bhéarla, agus b’fhéidir léachtaí fise ar fáil trí Bhreatnais. Tagann sé seo leis an treocht reatha i dtreo teagasc iompaithe sa seomra ranga, ina leagtar béim níos mó ar rannpháirtíocht ghníomhach seachas ar tharchur ábhar an chúrsa. Ina theannta sin, tugann sé seo deis do na mic léinn cumarsáid a dhéanamh i mBreatnais, seachas éisteacht nó léamh amháin, rud a mhéadaíonn inniúlacht teanga. Uaireanta, má mhúintear an t-ábhar céanna i dteanga amháin i léacht agus i dteanga eile i rang teagaisc féadann peirspictíocht bhreise a bheith ann, rud a chuideoidh le mic léinn dátheangacha coincheapa níos deacra a thuiscint. Spreagtar scoláirí measúnuithe a fhreagairt trí Bhreatnais, ach níl sé seo éigeantach, seachas scoláirí a fhaigheann scoláireachtaí, mar is minic go mbíonn raon leathan cumas sa Bhreatnais i measc na mac léinn. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh tacaíochtaí eile, ar nós déileáil le riarachán, ar fáil tríd an mionteanga. Chomh maith leis na ceisteanna faoi chearta teanga a thagann chun cinn ina leith seo, éascaítear normalú teanga san ollscoil má bhíonn tú in ann idirghníomhú le lucht riaracháin na hollscoile ina rogha teanga.

Taighde agus scoláireacht

Cé go bhfuil an t-aistriú chuig an mBéarla mar *lingua franca* in ábhair eolaíochta agus theicniúla níos suntasaí fós don taighde ná mar atá sé don teagasc, tá sé riachtanach mar sin féin spás a chruthú do mhionteangacha ar roinnt príomhchúiseanna. Ar an gcéad dul síos, is ionann buíon taighdeoirí atá ag déanamh PhD ina bhfuil ar a laghad comhpháirt dá ngníomhaíocht sa mhionteanga, agus an buíon céanna léachtóirí amach anseo a bheidh in ann modúil fochéime a mhúineadh sa mhionteanga. Thuig Coleg Cymraeg é seo go luath, agus d’aithin go raibh sé riachtanach píblíne scileanna a chothú ag gach leibhéal chun ollscolaíocht trí Bhreatnais a chumasú. Chomh maith le foireann a fhorbairt a d’fhéadfadh a bheith ina foireann acadúil amach anseo, cuireann taighdeoirí PhD go mór le hoideachas fochéime, go háirithe trí ranganna teagaisc a sholáthar agus trí thaispeántas saotharlainne. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé na gníomhaíochtaí seo a chur ar fáil sa mhionteanga (mar a léirítear thuas) agus feiceálacht mhór na mac léinn iarchéime sa phobal acadúil i gcoitinne, measadh go raibh sé riachtanach a chinntiú go bhfuil taighde ann agus, go háirithe, go bhfuil scoláireachtaí PhD ann á gcur ar fáil chun tacú le taighde trí Ghaeilge in ábhair eolaíochta agus theicniúla. Chomh maith le tacaíochtaí do thaighde ag leibhéal PhD, chualathas sa cheardlann moltaí gur cheart go mbeadh spás ann le roinnt taighde a fhoilsiú sa mhionteanga. Le foilsiú *Gwerddon*, ríomhíris acadúil ildisciplíneach rochtain oscailte sa Bhreatnais, arna thacú ag Coleg Cymraeg, méadaítear an fheasacht go bhfuil eolaithe ag obair trí mheán na Breatnaise, ar cúinse tábhachtach é, de réir na teoirice eiseamláire, ó thaobh taighdeoirí nua a labhraíonn Breatnais a chothú. Foilsíonn Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ríomhíris acadúil ildisciplíneach lán-Ghaeilge, *An Reiviú*. Is iris phiarmheasúnaithe í seo, á reáchtáil, faoi mhaoirseacht, ag mic léinn iarchéime an Acadaimh. Tugadh faoi deara go bhféadfadh dul chun cinn san Intleacht Shaorga cur leis an bhféidearthacht ábhar a fhoilsiú i nGaeilge go luath, mar gheall go gcuideoidh táirgeadh aistriúcháin go Béarla ar ailt i nGaeilge chun inniú faoi fheiceálacht laghdaithe a mhaolú.

I dtreo soláthar ardoideachais trí Ghaeilge a mhéadú

Dhírigh an dara seisiún plé den cheardlann ar na bealaí inar féidir na cuspóirí a bhfuil cur síos orthu sa chuid roimhe seo a bhaint amach. Sula ndéantar cás na hÉireann a bhreithniú, cuirimid forbheathnú ar fáil ar dtús ar na meicníochtaí atá bunaithe ag Coleg Cymraeg chun cuspóirí inchomparáide a bhaint amach.

Struchtúr agus meicníochtaí maoinithe an Coleg Cymraeg

Is comhlacht pleanála straitéiseach neamhspleách é Coleg Cymraeg, maoinithe ag Rialtas na Breataine Bige, a oibríonn le coláistí breisoideachais, ollscoileanna, soláthraithe printíseachtaí agus fostóirí chun deiseanna oiliúna agus staidéir sa Bhreatnais a chruthú. Sular bunaíodh Coleg Cymraeg, bhí an soláthar Breatnaise ag an tríú leibhéal neamhfhoirmiúil den chuid is mó agus bhraith sé ar dhaoine aonair, gan aon struchtúr iomlán. Bunaíodh Coleg Cymraeg faoi dheireadh in 2011 tar éis feachtas suntasach ar son ‘coláiste cónaidhme’ trí mheán na Breatnaise. Ar feadh na gcéad chúig bliana, dhírigh sé ar líon na

léachtóirí a bhí ag teagasc trí Bhreatnais a mhéadú, rud a d'fhág gur tháinig fás ar líon na mac léinn agus na gcúrsaí. Ó bunaíodh Coleg Cymraeg, tá méadú faoi dhó, suas go 5,000, tagtha ar líon na mac léinn fochéime lánaimseartha atá ag tabhairt faoi roinnt soláthair Breatnaise. Tá thart ar 37 ball foirne ar coibhéisí lánaimseartha iad laistigh de Coleg Cymraeg féin, agus líon i bhfad níos mó foirne atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach laistigh de ranna ollscoile. Tá buiséad bliantúil de £11.4 milliún aige, agus tagann 73% den tsuim sin ar ais isteach san earnáil, i bhfoirm maoinithe don fhoireann acadúil, taighde agus scoláireacht, agus tionscnaimh chun acmhainní foghlama a fhorbairt, comhoibriú a spreagadh, agus maoiniú a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí seach-churaclaim le haghaidh baill foirne agus scoláirí.

Is é príomh-mheicníocht mhaoinithe Coleg Cymraeg faoi láthair ná an deontas ábhair, a bhronntar ar feadh téarma 5 bliana ar ranna a chomhlíonann critéir maidir le soláthar Breatnaise, arna socrú agus arna n-athbhreithniú ag Coleg Cymraeg ar bhonn bliantúil. In 2023/24, bronnadh 52 deontas ábhair, arbh fhiú £2.232 milliún san iomlán iad, ar ranna a sholáthair 40 creidiúint i mBreatnais ar a laghad in aghaidh na bliana soláthair, a d'fhostaigh ar a laghad 2 bhall foirne ar coibhéisí lánaimseartha iad chun teagaisc trí mheán na Breatnaise, agus a raibh ar a laghad 6 mac léinn acu i ngach bliain den chéim ag déanamh an rogha Breatnaise (sin, ar chlár 3 bliana, ar a laghad $3 \times 6 = 18$). Athraíonn luach an deontais ag brath ar chatagóir an ábhair, líon na mac léinn, agus leibhéal an tsoláthair. Cuireann Coleg Cymraeg dhá scéim scoláireachta ar fáil d'fhochéimithe. I gcás na mac léinn a ghlacann ar a laghad 80 creidiúint sa bhliain tríd an mBreatnais, tá siad incháilithe don scoláireacht iomlán £3,000 thar 3 bliana, agus tá mic léinn a ghlacann ar a laghad 40 creidiúint sa bhliain trí Bhreatnais i dteideal scoláireacht laghdaithe £1,500 thar thréimhse trí bliana. Tá buiséad £600,000 sa bhliain do na scoláireachtaí seo agus tá scoláireacht faighte ag 4,000 mac léinn san iomlán ó 2011 i leith. Ag leibhéal PhD, maoiníonn Coleg Cymraeg timpeall 10 scoláireacht thar raon leathan disciplíní gach bliain. D'éirigh le breis agus 100 mac léinn a dtráchtas dochtúireachta a chríochnú go dtí seo, agus 51 eile sa chóras faoi láthair. Cuireann Coleg Cymraeg oiliúint ar scileanna taighde ar fáil freisin agus eagraíonn comhdháil taighde bhliantúil.

Ról gníomhaireachta lárnai

Chun na spriocanna a bhfuil cur síos orthu sa chéad seisiún plé a bhaint amach beidh gá le comhordú ar fud ollscoileanna na hÉireann. Cé gur bhraith rannpháirtí amháin den díospóireacht go raibh sé in am ollscoil lán-Ghaeilge a bhunú i mBaile Átha Cliath, bhraith an chuid is mó go dteastaíonn comhghníomhú, spreagtha agus comhordaithe ag gníomhaireacht náisiúnta, chun teagasc agus scoláireacht ollscoile sa Ghaeilge a chothú thar raon leathan ábhar. Ag leanúint le sampla Coleg Cymraeg, ba cheart tuiscint leathan a bheith ag an ngníomhaireacht náisiúnta ar an gcóras oideachais tríú leibhéal, lena n-áirítear na réimsí ábhar is mó éileamh ó mhic léinn chomh maith leis na deiseanna fostaíochta amach anseo a eascraíonn as infheistíochtaí Stáit agus neamhstáit araon, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. Mar chomparáid, tá 17 bpainéal ábhar ag Coleg Cymraeg, agus ionadaithe ó ranna ábhartha, chun monatóireacht a dhéanamh ar lucht teagaisc, ar an méid atá á theagasc acu, agus ar na hacmhainní atá ar fáil, srl. Laghdaíonn sé seo dubailt iarrachta agus méadaítear na tairiscintí fad a chothaítear comhoibriú agus coláisteacht. Le hacmhainní a dhíriú ar an mbealach is fearr is féidir, chabhródh sé monatóireacht rialta a dhéanamh ar an éileamh ó mhic léinn agus ar na tairiscintí atá ar fáil thar láithreacha tíreolaíocha arna gcomhordú ag gníomhaireacht lárnach. Ba chóir do ghníomhaireacht náisiúnta freisin deontais a cheapadh atá inchomparáide le dámhachtainí leibhéal ábhair Coleg Cymraeg, a bheadh mar dhreasachtaí do ranna ollscoile cúrsaí trí Ghaeilge a chur ar fáil. Ba chóir go gcuirfeadh sé, ar an gcéad dul síos, scoláireachtaí fochéime ar fáil freisin chun glacadh le modúil Ghaeilge, chomh maith le scoláireachtaí PhD ar an dara dul síos chun a chinntiú go mbeidh píblíne acadóirí ann atá in ann teagasc trí Ghaeilge amach anseo. Ag leanúint le sampla Coleg Cymraeg, d'fhéadfadh scoláireachtaí iomlána PhD a bheith san áireamh leis an dara ceann acu sin do mhic léinn a bhfuil a gcuid taighde agus tráchtas a eascraíonn astu go hiomlán trí Ghaeilge agus scoláireachtaí cómhaoinithe (i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí rialtais eile nó le hollscoileanna) do mhic léinn a bhféadfadh a dtráchtas agus a bhfoilseacháin a bheith i Béarla, ach a chuirfeadh achoimre ar a dtráchtas i nGaeilge ar fáil agus a dhéanadh ranganna teagaisc agus/nó gníomhaíochtaí eile i nGaeilge.

Comhoibriú idir ollscoileanna, lena n-áirítear acmhainní roinnte teagaisc agus modúil roinnte

Dá ndéanfaí modúil Ghaeilge a roinnt idir ollscoileanna, leathnófaí an raon roghanna atá ar fáil do mhic léinn agus bheadh ranganna níos inmharthana ann dá bharr. Leis an taithí atá faighte ag ollscoileanna agus mic léinn mar thoradh ar an bpaindéim, tá féidearthachtaí nua ann ar chóir breathnú orthu. Leis

an teagasc ó chian, d'fhéadfadh an fhéidearthacht a theacht chun cinn freisin cuireadh a thabhairt don diaspora Éireannach cur le teagasc na Gaeilge. D'fhéadfadh go mbeadh ollscoileanna nach bhfuil aon tairiscint i nGaeilge acu in ábhar ar leith sásta rogha a thabhairt dá gcuid mac léinn modúl trí Ghaeilge atá ar fáil ó ollscoil eile a dhéanamh. D'fhéadfadh go mbeadh ollscoileanna a bhfuil modúil éagsúla acu trí Ghaeilge sásta modúil a roinnt chun níos mó deiseanna Gaeilge a thairiscint dá gcuid mac léinn gan méadú do-bhainistithe ar an ualach oibre. Dá n-áireofaí comhpháirt chónaithe ghearr do mhodúil dá leithéid d'fhéadfaí iad a dhéanamh níos tarraingtí do mhic léinn. Is gné choitianta de mhicrichreidiúintí iad na dianchodanna ar an láthair seo de mhodúil a mhúintear ó chian seachas sin agus d'fhéadfadh siad seo úsáid a bhaint as áiseanna ollscoile atá ann cheana féin, go háirithe iad siúd atá lonnaithe sa Ghaeltacht (mar shampla, áiseanna atá cleamhnaithe le Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus Ollscoil na Gaillimhe. Go deimhin, tá éileamh méadaithe ar mhodúil mhicrichreidiúintí agus bheadh na modúil chomhroinnte seo a bhfuil comhpháirt chónaithe acu thar a bheith feiliúnach le bheith á dtairiscint mar mhicrichreidiúintí freisin. Bac suntasach ar theagasc cúrsaí nua (nó cúrsaí i dteanga eile) is ea an gá atá le nótaí léachta agus ábhair eile chúrsa a chruthú. Laghdódh bunachar sonraí comhroinnte d'acmhainní teagaisc an bhacainn seo. I gcomhthéacs na Breataine Bige, tá an ról seo ag *Y Porth*, ar bunachar sonraí rochtana oscailte ar líne é d'acmhainní teagaisc tríú leibhéal a fhaigheann tacaíocht ó Coleg Cymraeg, agus cuireann an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta acmhainní comhchosúla ar fáil trí Ghaeilge ag an dara leibhéal.

Deiseanna a phoibliú

Tá sé léirithe ag staidéir go bhfuil titim mhór ar úsáid agus ar an muinín bhainteach sa Bhreatnais nuair a théann mic léinn isteach san oideachas tríú leibhéal mura gcaomhníonn siad na scileanna sin trí leanúint ar aghaidh ag déanamh ar a laghad cuid dá staidéir ollscoile trí mheán na Breatnaise. Cé gur lú an staidéar a dhéantar air, is beag an t-amhras go bhfuil laghdú comhchosúil ar an nGaeilge. Ní mór tuilleadh deiseanna staidéir agus fostaíochta trí Ghaeilge a chruthú, ach ní mór mic léinn a chur ar an eolas faoi na deiseanna atá ar fáil ag an tríú leibhéal agus san fhostaíocht faoi láthair. Mar shampla tá sainordú tugtha ag an rialtas, go mbeadh Gaeilge ag 20% de na fostaíthe ar fad sa tseirbhís phoiblí faoi 2030; is beag feasacht, áfach, atá ag scoláirí dara agus tríú leibhéal ar an bhforbairt seo. Déanann Conradh na Gaeilge agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta obair thábhachtach ina leith seo. Le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, cuireann Conradh na Gaeilge ceardlanna ar fáil do na céadta scoileanna chun iad a chur ar an eolas faoi dheiseanna oideachais agus fostaíochta. Tá acmhainn gréasáin á coinneáil ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus cuireann siad bróisiúr bliantúil ar fáil ina bhfuil eolas ar chonairí gairme agus deiseanna oideachais tríú leibhéal trí Ghaeilge. Léiríonn an cuardaitheoir cúrsa a chuireann Coleg Cymraeg ar fáil go soiléir freisin an chuid de chlár atá ar fáil i mBreatnais – is féidir an t-eolas riachtanach seo a bheith doiléir i gcomhthéacs na hÉireann. Tá níos lú ná 1% de chúrsaí uile na hÉireann á dtairiscint trí Ghaeilge faoi láthair; molann Conradh na Gaeilge an sprioc measartha de 5%, ach ba cheart d'ollscoileanna aontú ar spriocanna agus cuidiú le stocaireacht ar mhaoiniú chun é seo a éascú. Tá sé riachtanach ní amháin go gcuirfí deiseanna staidéir agus oibre ar fáil trí Ghaeilge, ach freisin go mbeadh sé soiléir do na scoláirí go mbeidh deiseanna oideachais agus fostaíochta fós ann, agus todhchaí don teanga.

Conclúidí: Moltaí na rannpháirtithe agus an bealach chun cinn

Ní féidir a bheith ag súil go n-oibreoidh oideachas mionteanga ar an mbonn eacnamaíoch céanna leis an mBéarla, ach tá sé tábhachtach d'inhuanaitheacht teanga agus do thírdhreach cultúrtha agus intleachtúil na tíre go gcruthófaí spás don Ghaeilge san oideachas tríú leibhéal. Níl sé réadúil a bheith ag súil go mbeidh gach cúrsa ar fáil i nGaeilge, ach tá sé rithábhachtach go gcuirfí comhordú ar fáil ag leibhéal náisiúnta chun a mhéad agus is féidir a dhéanamh de dheiseanna chun an Ghaeilge a normalú mar chuid bhríomhar den ardoideachas. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Coleg Cymraeg i dtreo na spriocanna coibhéiseacha don Bhreatnais agus cuireann sé múnla ar féidir linne in Éirinn foghlaim uaidh. Tá fonn orthu freisin comhairle agus cúnamh a thairiscint ina leith sin.

Seo a leanas liosta de na moltaí a d'eascair ón gceardlann.

1. **Gníomhaireacht náisiúnta a bhunú chun ardoideachas, scoláireacht agus taighde sa Ghaeilge a chur chun cinn.** Tá ról anseo do ghníomhaireacht neamhspleách atá in ann comhordú a dhéanamh ar bhonn náisiúnta le haghaidh tionchar éifeachtach agus córasach. D'fhéadfadh gníomhaireacht dá leithéid, a d'fhéadfadh a bheith múnlaíthe ar Coleg Cymraeg, maoirsiú a sholáthar ar phainéil ábhar, bunachar sonraí d'acmhainní teagaisc a thosú agus comhordú a sholáthar ar fud chóras ardoideachais na hÉireann. Le buiséad dóthanach, d'fhéadfadh sé dreasachtaí a dhearadh a chinnteodh go mbeadh raon leathan cúrsaí ar fáil, a spreagfadh mic léinn chun machnamh a dhéanamh ar chúrsaí dá leithéid agus scoláireachtaí a chur ar fáil do mhic léinn PhD chun todhchaí an ardoideachais agus na hoiliúna trí Ghaeilge a chinntiú.
2. **Cinntigh go bhfuil guth an mhic léinn mar chuid d'aon straitéis.** Tá leibhéal méadaithe gníomhaíochta léirithe ag na scoláirí féin i leith na Gaeilge. Léiriú air seo is ea feachtas agus reifreann mac léinn le déanaí i gColáiste na Tríonóide chun an fháil ar sheirbhísí trí Ghaeilge a chur chun cinn ag éileamh go mbeadh gach seirbhís ar fáil do mhic léinn i nGaeilge agus trí oifigigh Ghaeilge lánaimseartha a cheapadh i gceardchumainn na mac léinn don chéad uair. Tá sé riachtanach go gcuirfí tuairimí na mac léinn san áireamh go hiomlán agus meicníochtaí agus dreasachtaí á ndearadh chun forbairtí cuí san ardoideachas trí Ghaeilge a chothú.
3. **Ambasadóirí mac léinn a earcú.** Foireann ambasadóirí mac léinn a earcú chun cabhrú le nascadh le mic léinn, ag leibhéal fochéime agus iarchéime araon. D'oibrigh sé seo go han-mhaith do Coleg Cymraeg, a bhfuil ionadaithe aige ag an dara leibhéal freisin.
4. **Na ceangail fostaíochta agus socrúcháin oibre idir ollscoileanna agus an Ghaeltacht a neartú.** Teastaíonn fostaíocht ó chéimithe, agus teastaíonn oibrithe oilte ó chomhlachtaí. Comhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta mar shampla, chun sainathint a dhéanamh ar na scileanna a bhfuil na hollscoileanna le díriú orthu a fhorbairt, agus lena chinntiú go mbeadh poist oiriúnacha ann do chéimithe le scileanna Gaeilge.
5. **Léachtaí taifeadta trí Ghaeilge a sholáthar.** I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé nach mbeadh a dhóthain éilimh ann chun sraith léachtaí ar leith i nGaeilge a bhunú. Mar sin féin, más rud é nach dócha go n-athróidh mórán ábhar léachtaí ó bhliain go bliain, ní mór an t-am a infheistiú le leagan Gaeilge de léachtaí a chruthú uair amháin, agus gan ach na gnéithe níos idirghníomhaí de mhodúl ar nós ranganna teagaisc a chur ar fáil ar bhonn bliantúil, cuirtear eispéireas iomlán trí Ghaeilge ar fáil do mhic léinn ar chostas íseal.
6. **Modúl/modúil a roinnt idir institiúidí.** Is annamh a bhíonn an fhoireann nó na hacmhainní ag roinn chun cuid mhór de chlár céime a sholáthar trí Ghaeilge; áfach, is minic a bhíonn dubailt ar an ábhar idir clár céime in ollscoileanna éagsúla. Ó tharla an phaindéim, tá an fhoireann agus na mic léinn araon níos compordaí ag obair ar líne agus méadaíonn sé seo an fhéidearthacht modúil a roinnt idir ollscoileanna. Bheadh gá le haghaidh a thabhairt ar lóistíocht riaracháin na modúl a roinnt.
7. **Plean cuimsitheach a chur i bhfeidhm chun tacú le mic léinn PhD.** Tá mic léinn PhD riachtanach do thodhchaí an ardoideachais, ach tá an-acmhainneacht acu freisin tionchar dearfach a bheith acu san am i láthair, is minic a bhíonn siad an-fheiceálach ní hamháin trí ranganna teagaisc, ach freisin trína rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí for-rochtana.
8. **Líonra foirne agus mac léinn le Gaeilge a fhorbairt tuilleadh.** Is deacair soláthar Gaeilge a shainathint in go leor ollscoileanna agus institiúidí, nó go deimhin, cainteoirí Gaeilge. Ba chóir líonra agus bunachar sonraí a choinneáil de léachtóirí, mic léinn agus alumni le Gaeilge. Déanfaidh sé seo an próiseas in go leor de na haidhmeanna eile sa liosta seo i bhfad níos éasca.
9. **Bunachar sonraí comhroinnte acmhainní teagaisc a fhorbairt.** Ceann de na baic is mó ar chúrsa a mhúineadh trí Ghaeilge ná an t-am agus an iarracht atá riachtanach chun ábhar nua léachta a ullmhú. Dá roinnfí ábhar laistigh agus idir ollscoileanna, bheadh modúil níos éasca le múineadh agus dá bhrí sin lena gcur ar fáil.

10. **Liosta cothrom le dáta a chur ar fáil de na tairiscintí Gaeilge ar fud na n-institiúidí.** Coinníonn an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta suíomh idirlín agus cuireann siad pacáiste bliantúil ar fáil ina bhfuil liosta de chúrsaí a bhfuil comhpháirt Ghaeilge iontu, chomh maith le gairmeacha féideartha. Ina ainneoin sin, is beag an tuiscint atá ar chodanna de chúrsaí trí Ghaeilge; agus dá mb'fhéidir go mbeifí in ann tógáil ar na hacmhainní seo chun rud éigin a fhorbairt níos gaire do chuardaitheoir cúrsaí Coleg Cymraeg.
11. **Painéil a chruthú chun maoirsiú a dhéanamh ar réimsí ábhair ar leith.** Tá 17 bpainéal ar leith ag Coleg Cymraeg do raon ábhar, a dhéanann maoirseacht ar na daoine atá ag teagasc ar fud na tíre, ar an méid atá á theagasc acu agus ar na hacmhainní atá ar fáil. Chabhródh painéil chomhchosúla le comhordú an ardoideachais trí Ghaeilge.
12. **Fógraíocht bhreise den 20% agus deiseanna a eascraíonn as staidéir trí Ghaeilge.** Tógáil ar agus tacú leis an obair atá ar siúl ag Conradh na Gaeilge agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, agus a chinntiú go bhfuil mic léinn ar an eolas go luath faoi na deiseanna atá ar fáil. Córais a fhorbairt tuilleadh chun an 'bhearna' in úsáid na Gaeilge a thagann chun cinn agus mic léinn ag dul isteach sa tríú leibhéal a sheachaint.
13. **Oiliúint a chur ar mhúinteoirí.** Réimsí a shainaithint ina bhfuil gá le múinteoirí le Gaeilge, agus oiliúint chuí a chur ar fáil. Sa ghearrthéarma, d'fhéadfadh go mbeadh cúrsaí uasoiliúna sa Ghaeilge nó san ábhar roghnaithe i gceist leis seo, go dtí go mbeidh múinteoirí a mhúintear trí Ghaeilge ina gcúrsaí cuí tar éis dul ar aghaidh tríd an gcóras.

Buíochas

Tá na húdair fíorbhuíoch de thacaíocht airgeadais ó Chiste Straitéiseach Ollscoil na Gaillimhe. Is mór againn ionchur comhghleacaithe ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, DGBMata, Ollscoil Teicneolaíochta an Oir-Dheiscirt, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus Ollscoil Luimnigh, nach raibh in ann freastal orthu mar gheall ar choinbhleachtaí sceidil, ach táimid ag tnúth le comhoibriú leanúnach. Mar fhocal scoir, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt arís don ionchur fíorluachmhar ó chainteoirí na ceardlainne agus ón bpainéal díospóireachta.

Ba iad na rannpháirtithe do na seisiúin díospóireachta tráthnóna ná Dylan Phillips (*Coleg Cymraeg Cenedlaethol*), Gwion Evans (*Roinn na Matamaitice, Ollscoil Aberystwyth*), Dorothy Ní Uigín, Séamus Ó Coileáin, Seathrún Ó Tuairisg, Treasa Uí Lorcáin (*Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe*), Emily Barnes (*Scoil an Oideachais, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath*), Dáithí Mac Cárthaigh (*Óstaí an Rí*), Jerry Reen (*Scoil na Micribhitheolaíochta, Coláiste na hOllscoile Corcaigh*), Liam Edwards (*Scoil an Dlí, Ollscoil Uladh*), Aisling Ní Bheacháin (*Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*), Róisín Ní Chinnéide (*Conradh na Gaeilge*), Darren Ó Ródaigh (*Gaelchultúr*), Ciara Egan (*Scoil na Síceolaíochta, Ollscoil na Gaillimhe*), agus Fintan Hegarty, Kevin Jennings, Michael McGettrick, agus Cathal Seoighe (*Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice agus Staitistice, Ollscoil na Gaillimhe*).

Aguisín

Achoimre ar na príomhchainteanna ó Coleg Cymraeg Cenedlaethol

- Thug Dylan Phillips, Stiúrthóir Ardoideachais agus Rúnaí Coleg Cymraeg Cenedlaethol, léargas ginearálta ar an gColáiste, a stair, a chomhthéacs cultúrtha agus a struchtúr, a mhaoiniú agus a chaiteachas, roinnt staitisticí ar chainteoirí Breatnaise agus ar líon na mac léinn agus cúrsaí atá ar fáil in ollscoileanna sa Bhreatain Bheag, agus mhínigh sé na cuir chuigí éagsúla a ghlacann Coleg Cymraeg chun an teanga a chur chun cinn ag leibhéal na hollscoile, agus na hacmhainní agus an maoiniú a chuireann siad ar fáil. Thug sé breac-chuntas freisin ar roinnt pleananna le haghaidh forbairtí amach anseo.
- Leag Alwena Morgan, ceannaire Breatnaise ar Dhámh an Leighis, na Sláinte agus na hEolaíochta Beatha in Ollscoil Swansea, béim ar a thábhachtaí atá sé teangacha mionlaigh a chaomhnú go háirithe laistigh de réimsí a bhaineann le leigheas agus cúram sláinte, agus rinne cur síos ar roinnt tionscnamh atá ag dul chun sochair cheana féin ní hamháin dóibh siúd laistigh den saol acadúil, ach a mbeidh éifeacht inláimhsithe acu freisin laistigh den phobal i gcoitinne.
- Thug Gwion Evans, Léachtóir sa Mhatamaitic agus iar-LeasDhéan Dáimhe do Sholáthar Acadúil Lán-Bhreatnaise in Ollscoil Aberystwyth, tuilleadh machnaimh ar an eispéireas de bheith ag obair le Coleg Cymraeg ó thaobh na hollscoile de, agus mhínigh sé go mion na cúrsaí Matamaitice a chuirtear ar fáil, na daoine a chuirtear iad ar fáil dóibh agus an chaoi a ndéantar é, srl.

Léargas ginearálta ar chuir i láthair ó lucht freastail atá lonnaithe in Éirinn

- Mhínigh Seathrún Ó Tuairisg stair agus comhdhéanamh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus thug sé sonraí ar na cúrsaí a bhíonn ar siúl acu chomh maith leis na seirbhísí Gaeilge agus an méid a chuireann siad le clár eile san ollscoil.
- Rinne Séamus Ó Coileáin cur síos ar obair an Ionaí Barr Feabhais, a chuireann aistritheoirí agus léitheoirí profaí ar fáil don Aontas Eorpach, go háirithe le haghaidh obair dlí, agus féadfaidh sé go leathnófar go réimsí eile amach anseo.
- Thug Emily Barnes breac-chuntas ar na roghanna atá ar fáil trí Roinn na Gaeilge agus Scoil an Oideachais i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Institiúid Marino, agus na pleananna atá acu le haghaidh clár breisoiliúna do mhúinteoirí dara leibhéal.
- Mhínigh Dáithí Mac Cárthaigh na dioplómaí Gaeilge atá á dtairiscint ag Óstaí an Rí, an scoil dlí is sine in Éirinn, sa teangeolaíocht dlí, sa chleachtas dlí trí Ghaeilge, agus san aistriúchán dlí.
- Dhírigh Eoin Ó Droighneáin, Príomhoifigeach le Gaeilge (lasmuigh den Ghaeltacht agus go hidirnáisiúnta) sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, ar ról na Roinne i bhforbairtí teicneolaíochta i leith na Gaeilge, i measc rudaí eile.
- Labhair Rónán Mac Con Iomaire, Stiúrthóir Forbartha Réigiúnaí, Pobail agus Pleanála Teanga in Údarás na Gaeltachta, ar a gcuid oibre sa phleanáil teanga agus i gcothú pobail inbhuanaithe sa Ghaeltacht, agus thug sé breac-chuntas ar roinnt tionscadal i gcomhar le hinstiúidí tríú leibhéal chun oibrithe a chur ar fáil leis na scileanna riachtanacha.
- Leag Fintan Hegarty béim ar ról stairiúil Ollscoil na Gaillimhe i soláthar an ardoideachais trí Ghaeilge agus leag sé amach na tairiscintí Gaeilge laistigh de Coláiste na hEolaíochta agus na Innealtóireachta agus tionscnaimh bhreise a d'eascair as an tionscadal straitéiseach chun an Ghaeilge a chur chun cinn in ETIM.
- Luaigh Jerry Reen an clár Dlí agus Gaeilge atá á thairiscint ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus mhínigh sé an úsáid a bhain sé as bogearraí réaltachta fíorúla chun eolaíocht a mhúineadh trí Ghaeilge.
- Thug Eoghan Mac Conaill Óig eolas ar na cúrsaí a chuireann Fiontar & Scoil na Gaeilge ar fáil in Ollscil Chathair Bhaile Átha Cliath, go háirithe an BA sa Ghnó agus Gaeilge agus a MSc sa Bhainistíocht agus Gnó Digiteach nua, agus thug sé roinnt sonraí ar a bhfreagairt ar fhorbairtí i dteicneolaíochtaí Intleachta Saorga.